# Sa Traein

Chuaigh Daidí go Baile Átha Cliath mí ó shin. Thug sé Úna agus Liam in éineacht leis ar an turas. Shroich siad **stáisiún na traenach** ar a naoi a chlog. Chuaigh Daidí go dtí **oifig na dticéad** agus cheannaigh sé na ticéid. Chuaigh Úna isteach sa **seomra feithimh** agus d'fhan sí ann ar feadh tamaill. Chuaigh Liam amach ar an **ardán** agus bhí sé ag féachaint ar na **ráillí iarainn.** Ar cheathrú tar éis a naoi tháinig an traein isteach sa stáisiún. Bhí **inneall díosal** ar an traein. Chonaic Liam an tiománaí. Isteach sa traein leis na **paisinéirí** go léir. Shuigh Daidí agus Úna ar **shuíochán compordach.** Ba ghearr gur thosaigh an traein ag gluaiseacht. Bhí Úna ag féachaint amach an fhuinneog ar na rudaí go léir a bhí ag gabháil thart. Shiúil Liam ó charráiste go carráiste. Chuaigh sé ar ais go dtí an carráiste ina raibh Daidí agus Úna. D'fhan sé leo ag féachaint amach an fhuinneog. Shroich siad an chathair ar leathuair tar éis a dó dhéag.

**Foclóir:**
**turas,** journey
**oifig na dticéad,** ticket office
**seomra feithimh,** waiting room
**inneall,** engine

**A. Scríobh amach an freagra ceart:**
1. Cé a thug Daidí in éineacht leis?
   — an cat agus an madra.
   — Úna agus Liam.
   — Seán agus Nuala.
2. Cad a rinne Úna?
   — Cheannaigh sí na ticéid.
   — Cheannaigh sí leabhar.
   — Chuaigh sí isteach sa seomra feithimh.
3. Cár shiúil Liam?
   — ó charráiste go carráiste.
   — in airde ar an inneall.
   — isteach sa seomra feithimh.

**B. Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo a leanas:**
1. Shroich siad stáisiún na — ar a — a chlog.
2. Chuaigh Liam amach ar an — **agus** bhí sé ag féachaint ar na ráillí —
3. Isteach sa traein leis na — go léir.
4. Shuigh Daidí agus Úna ar — — .
5. Shroich siad an — ar leathuair tar éis a dó dhéag.

**C. Scríobh amach na ceisteanna do na freagraí seo a leanas:**
1. Mí ó shin.
2. Ar an ardán.
3. Bhí sé ag féachaint amach an fhuinneog.
4. Shiúil sé ó charráiste go carráiste.
5. Chuaigh sé ar ais go dtí an carráiste ina raibh Daidí agus Úna.

**D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:**
1. Cár cheannaigh Daidí na ticéid?
2. Cén t-am a tháinig an traein isteach sa stáisiún?
3. Cén sórt innill a bhí ar an traein?
4. Cad air a raibh Úna ag féachaint nuair a bhí an traein ag gluaiseacht?
5. Cén fáth, an dóigh leat, a raibh siad ag dul go Baile Átha Cliath?
6. Céard a dhéanann an tiománaí?

**Gramadach 18**
1. Ba ghearr gur thosaigh **an traein ag gluaiseacht.**
   (leanaí/súgradh, éan/can, buachaill/imir, fear/ith, cailín/léigh.)
2. **Chonaic** Liam an tiománaí **inné.**
   (gach lá, amárach, an ?, ní.)